



An Bhruiséil, 6 Nollaig 2021  
(OR. en)

14585/21

---

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**

2021/0211(COD)  
2021/0200(COD)  
2021/0201(COD)  
2021/0197(COD)  
2021/0206(COD)  
2021/0202(COD)  
2021/0207(COD)

---

ENV 953  
CLIMA 420  
ENER 548  
TRANS 737  
ECOFIN 1212  
AGRI 610  
FORETS 83  
MI 920  
RESPR 42  
CODEC 1595

**NÓTA**

|        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
|--------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
| Ábhar: | An pacáiste 'Oiriúnach do 55'<br>a) Athbhreithniú ar Threoir (AE) 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil chun uailmhian na sprice aeráide nua do 2030 agus na dtograí gaolmhara a chur chun feidhme<br>b) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh<br>c) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/841 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh<br>d) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/631 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO <sub>2</sub> do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua<br>e) Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn<br>– Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún Eorpach na tograí thuasluaite mar chuid den phacáiste de thograí reachtacha dar teideal ‘Oiriúnach do 55’. Is é is aidhm don phacáiste creat beartais an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh a ailíniú le sprioc nua uailmhianach aeráide an Aontais do 2030 maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad agus é a chur ar chosán na haeráidneodrachta, le go mbainfí amach an sprioc atá aige a bheith aeráidneodrach faoi 2050.
2. Laistigh den Chomhairle, pléitear na tograí i gceithre fhoirmíocht de chuid na Comhairle: Comhshaol, Fuinneamh, Iompar agus Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais.
3. D’ullmhaigh an Uachtaránacht tuarascáil ina bhfuil forléargas ar dhul chun cinn na dtograí faoin bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’ (13977/21). Díritear sa tuarascáil ar na gnéithe cothrománacha den phacáiste, amhail na hidirnáisc idir comhaid, agus na príomh-shaincheistanna a tarraingíodh anuas sa phlé go dtí seo. Cuireadh faoi bhráid fhoirmíochtaí freagracha na Comhairle é mar aon le tuarascálacha ar leithligh ar dhul chun cinn maidir leis na tograí aonair.
4. Bhí an chéad mhalartú tuairimí ag an gComhairle Comhshaoil maidir leis an bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’ an 6 Deireadh Fómhair 2021. Ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 20 Nollaig 2021, is é is aidhm don tuarascáil seo eolas níos mionsonraithe a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na cúig chomhad faoi shainchúram na Comhairle Comhshaoil agus, i gcás inar féidir, réamhthuairimí na dtoscaireachtaí maidir leis na príomh-shaincheistanna a leagan amach i dtéarmaí ginearálta.
5. Tá na comhaid sin i gcroílár an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, le huaillmhian mhéadaithe Chóras Trádála Astaíochtaí (ETS) an Aontais mar phríomhspreagthóir chomh maith le spriocanna náisiúnta nuashonraithe sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus bearta chun linnte nádúrtha a fheabhsú tríd an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún, agus foraoiseacht (LULUCF). Is é is aidhm do na caighdeáin CO<sub>2</sub> níos déine atá beartaithe le haghaidh gluaisteán agus veaineanna cabhrú leis na Ballstáit a spriocanna náisiúnta méadaithe a bhaint amach agus nuálaíocht teicneolaíochta a spreagadh san earnáil. Is é is aidhm don Chiste Aeráide Sóisialta aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta agus dáileacháin an chórais nua trádála astaíochtaí atá beartaithe le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar.

6. Maidir leis an dul chun cinn foriomlán a dhéanfar ar na comhaid sin, is é measúnú na hUachtaránachta go mbeidh gá le hobair shuntasach theicniúil bhreise a dhéanamh ar an gcuid is mó díobh mar gheall ar a gcastacht agus mar gheall ar eilimintí nua a thabhairt isteach, agus ina theannta sin, maidir le ETS, méid an chomhaid.

## II. OBAIR A GABHADH DE LÁIMH LE LINN NA HUACHTARÁNACHTA

### i) Athchóiriú ar an gCóras Trádála Astaíochtaí (ETS)

7. Pléitear le trí thogra faoi athchóiriú ETS<sup>1</sup>: togra le haghaidh leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí, ar an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh (MSR) agus ar an Rialachán maidir le MRV ar Loingseoireacht ('ETS ginearálta'), togra chun an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a leasú maidir le heitlíocht ('eitlíocht ETS') agus togra ar leithligh chun Cinneadh MSR a leasú.

---

<sup>1</sup> Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 (10875/21 + ADD 1-7);  
Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE maidir le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais chun astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí (10917/21 + ADD 1-3);  
Togra le haghaidh Cinneadh lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 (10902/21 + ADD 1).  
Ina theannta sin, tiolacadh an ceathrú togra maidir le ETS an 14 Iúil 2021: Togra le haghaidh Cinneadh lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas. Pléitear leis an togra sin faoin bhfoirmíocht Iompair Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar).

Is é is aidhm do na tograí a áirithiú go mbainfear amach le ETS a chion d'uailmhian mhéadaithe fhoriomlán an Aontais trí phraghsáil carbóin a thabhairt isteach in earnálacha nach bhfuil cumhdaithe go fóill ag ETS (muirí, agus foirgnimh agus iompar de bhóthar) agus trí na forálacha atá ann cheana a neartú. Tá sé de chuspóir freisin ag an togra 'eitlíocht ETS' CORSIA<sup>2</sup> a chur chun feidhme. Maidir leis an ETS atá ann cheana, ba cheart go mbeadh laghdú iomlán 61 % ar astaíochtaí sna hearnálacha faoi ETS faoi 2030 le hais 2005, mar thoradh ar na tograí, ón gcuspóir atá ann faoi láthair de 43 %. Leis an ETS ar leithligh atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar, ba cheart laghdú 43 % ar astaíochtaí a chur ar fáil sna hearnálacha sin le hais leibhéil 2005, agus é dírithe ar rannchuidiú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach.

I bParlaimint na hEorpa, tá an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar thús cadhnaíochta maidir leis na tograí. Is Coiste comhlachaithe é an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh maidir leis an togra 'ETS ginearálta'. Ceapadh Peter Liese (PPE, DE) mar rapóirtéir don togra 'ETS ginearálta', Sunčana Glavak (PPE, HR) mar rapóirtéir don togra maidir le 'eitlíocht ETS' agus Cyrus Engerer (S&D, MT) mar rapóirtéir don togra ar leith le haghaidh Cinneadh maidir le chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh. Tá an obair ar na tograí fós ag céim luath agus de réir na faisnéise atá ar fáil, níor cuireadh aon amchlár deiridh in iúl.

Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra ach níor thug siad a dtuairimí go fóill.

Bhí ocht gcrúinniú ag an Meitheal um an gComhshaol le linn Uachtaránacht na Slóivéine chun féachaint ar na trí thogra a bhaineann le hathchóiriú ETS agus lena measúnuithe tionchair. Bhí an plé bunaithe ar ghrúpáil théamach na dtograí agus rannchuidigh sé leis an gcéad léamh a bhí dírithe ar shaincheisteanna a shoiléiriú chun cur ar chumas na dtoscaireachtaí mionsonraí na dtograí a thuiscint níos fearr. I ndáil leis sin, d'iarr na toscaireachtaí tuilleadh faisnéise faoin tionchar a bheidh ag na tograí ar leibhéal na mBallstát agus d'iarr siad soiléirithe maidir leis na hidirnaisc le tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Tá formhór na dtoscaireachtaí fós ag déanamh staidéir ar na téacsanna agus dá bhrí sin, is réamhthuairimí nó réamhsheasaimh iad a dtuairimí nó a seasaimh den chuid is mó.

---

<sup>2</sup> An Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta, a chomhaontaigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) in 2016.

Tá na toscaireachtaí den tuairim i gcónaí go bhfuil ETS i gcroílár bheartas aeráide an Aontais. Cé gur cosúil go n-aithnítear go ginearálta go mbeidh ar ETS a chion costéifeachtach d'uailmhian mhéadaithe an Aontais a bhaint amach, tá tuairimí éagsúla ann maidir leis na hathruithe atá beartaithe. Sa chomhthéacs sin, táthar ann atá ag iarraidh roghanna a fhiosrú maidir le huaillmhian ETS a mhéadú a thuilleadh ach is ábhar imní freisin na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag codanna éagsúla de na tograí ar earnálacha eacnamaíocha agus ar theaghlaigh araon, lena gcuirtear i dtreis gur gá cásanna éagsúla na mBallstát a chur san áireamh.

### *ETS ar leithligh a bhunú d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar*

Sa phlé go dtí seo, cuirtear chun suntais na naisc láidre idir an ETS atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar agus gnéithe eile den phacáiste 'Oiriúnach do 55', go háirithe Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta, an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an Rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí CO<sub>2</sub> do ghluaisteáin agus veaineanna, agus an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

Admhaítear go ginearálta go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar. Mar sin féin, chuir roinnt mhaith toscaireachtaí imní in iúl maidir leis an togra ón gCoimisiún, agus chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais shuntasacha in iúl maidir lena iomchuí a bheadh sé trádáil astaíochtaí a chur i bhfeidhm ar na hearnálacha sin. Baineann na hábhair imní sin go háirithe le praghsanna méadaithe fuinnimh, le tionchair shóisialta agus dáileacháin ar theaghlaigh ar ioncam íseal, le méadú breise ar riosca na bochtaineachta fuinnimh agus le méadú ar éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus laistigh díobh. I bhfianaise an mhéid sin, chuir roinnt toscaireachtaí i gcoinne an dearbhaithe go mbeadh ETS ar an uirlis is éifeachtaí le haghaidh dícharbónú i gcás na n-earnálacha sin, agus d'áitigh siad go bhféadfaí costais a chur ar aghaidh ar na tomhaltóirí. Tharraing roinnt acu ceisteanna anuas maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh an Ciste Aeráide Sóisialta leordhóthanach chun na tionchair shóisialta agus dáileacháin a mhaolú. Is ábhar imní do roinnt toscaireachtaí an caillteanas ioncaim a thiocfaidh as sin, ag tagairt *inter alia* do na bearta náisiúnta cánach atá i bhfeidhm. Tá roinnt toscaireachtaí tar éis saincheisteanna a tharraingt anuas freisin maidir le cur chun feidhme agus ualach riaracháin.

Os a choinne sin, ba dhíol sásaimh do roinnt toscaireachtaí go bhfuil sé beartaithe trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar a thabhairt isteach, agus béim á leagan acu ar an acmhainneacht níos airde atá ann na hearnálacha sin a dhícharbónú ar bhealach costéifeachtach, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta méadaithe a bhaint amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Admhaíonn na toscaireachtaí sin go bhfuil gá le bearta maolaithe i gcoinne tionchair shóisialta agus dáileacháin, agus chuir roinnt acu in iúl go mbeidh tionchair chomhchosúla ag bearta malartacha ach go ngintear ioncam a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh na mbeart sin leis an bpraghsáil carbóin freisin. Tá amhras ar roinnt daoine faoin gCiste Aeráide Sóisialta.

Maidir leis an raon feidhme atá beartaithe do bhreoslaí iontaise a chumhdaítear leis an ETS ar leithligh, bhí roinnt toscaireachtaí oscailte do raon feidhme níos mó lena gcumhdófar na breoslaí iontaise go léir. Ar an lámh eile, d'fhiosraigh roinnt eile acu raon feidhme níos teoranta do na hearnálacha, e.g. gan earnáil na bhfoirgneamh cónaithe a áireamh.

I bhfianaise úrnuacht na trádála astaíochtaí atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar, díriodh go mór sa phlé tosaigh ar shoiléirithe mionsonraithe a fháil maidir le tionchair an togra de réir earnála agus de réir Ballstáit araon, lena n-áirítear scaireanna ceantála agus ioncaim in aghaidh an Bhallstáit, agus ar ghnéithe éagsúla i ndáil le dearadh. Maidir le forálacha an ETS ar leithligh lena ndírítear ar thús rianúil an chórais a áirithiú, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí gurb é is aidhm dóibh soiléirithe a iarraidh go háirithe maidir le ríomh agus miondealú na sonraí i ndáil leis an uasteorainn atá beartaithe, lena n-áirítear an sciar astaíochtaí in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh na hearnála, agus an tús-ualú 30 % atá beartaithe do lamháltais le haghaidh ceantála in 2026. Cé go bhfuil staidéar á dhéanamh ar na tograí fós, mheas roinnt toscaireachtaí go mbeadh tús níos rianúla fós níos oiriúnaí agus bhí ceist acu an bhféadfadh fadhbanna teacht as tús-ualú liúntas ag céim níos déanaí.

Maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ar leithligh, d'iarr na toscaireachtaí roinnt soiléirithe maidir leis an réasúnaíocht taobh thiar de na paraiméadair agus den fheidhmiú atá beartaithe, *inter alia* maidir leis an méid tosaigh agus na tairseacha chun lamháltais a chur nó a scaoileadh sa chúlchiste. Maidir leis an sásra bunaithe ar mhéadú praghsanna atá beartaithe chun cur in aghaidh an riosca a bhaineann le luaineacht iomarcach praghsanna, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil imní orthu faoina éifeachtacht, agus d'iarr roinnt toscaireachtaí soiléirithe maidir le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bpraghas carbóin faoin ETS atá ann faoi láthair ar phraghas an charbóin faoin trádáil astaíochtaí atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar.

*An ETS atá ann cheana agus an uaillmhian a bhaineann leis a neartú*

Measann na toscaireachtaí gur príomheilimintí iad na tograí maidir le huasteorainn a atosú agus maidir leis an bhfachtóir laghdaithe línigh a mhéadú chun uaillmhian ETS a neartú. Is díol sásaimh do roinnt toscaireachtaí iad sin agus tá roinnt toscaireachtaí i bhfabhar breathnú ar an gcaoi a bhféadfaí an uaillmhian a mhéadú a thuilleadh. Maidir leis an uasteorainn a atosú, bhí roinnt ceisteanna ann maidir lena ríomh, an luach réamh-mheasta i bhfigiúirí agus an tionchar a bheadh aici, agus bhí imní ar chuid acu go bhféadfadh méadú géar ar phraghas carbóin a bheith mar thoradh uirthi sa bhliain ina dtugtar isteach í (le feiceáil freisin i bhfianaise na dtograí ó MSR). Bhí na barúlacha tosaigh maidir le 79 milliún liúntas don earnáil mhuirí a chur leis an uasteorainn dírithe den chuid is mó ar an ríomh agus ar an modheolaíocht a shoiléiríú. Tarraingíodh roinnt ceisteanna anuas maidir le tionchar an fhachtóra laghdaithe línigh mhéadaithe.

Maidir leis na forálacha i ndáil le sceitheadh carbóin/leithdháileadh saor in aisce, dhírigh na toscaireachtaí ar thuiscint an-mhionsonraithe a fháil ar impleachtaí na n-athruithe atá beartaithe. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an aidhm atá le gníomhachtú an fhachtóra ceartúcháin trasearnála a sheachaint agus, maidir leis sin, thacaigh roinnt acu go sainráite leis an gcur chuige maidir le leithdháileadh saor in aisce níos spriocdhírith. Mar sin féin, cuireadh roinnt ceisteanna agus ábhar inní in iúl maidir leis na hathruithe atá beartaithe. Go háirithe, tá ceisteanna tar éis teacht chun cinn i gcás roinnt toscaireachtaí faoin togra go mbeadh cur chun feidhme na moltaí san iniúchadh fuinnimh dá bhforáiltear sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (EED) ina choinnioll do leithdháileadh saor in aisce iomlán ar shuiteálacha, agus roinnt acu ag cur forchoimeádais láidre in iúl ina leith. D’áitigh roinnt toscaireachtaí go gcaithfí ar bhealach difriúil agus éagórach le suiteálacha faoin gcóras dá bharr sin, á lua, *inter alia*, nach é cuspóir an leithdháilte saor in aisce na moltaí san iniúchadh fuinnimh faoin EED a chur chun feidhme. D’admhaigh roinnt toscaireachtaí cuspóir an togra ach tharraing siad saincheisteanna anuas a bhaineann leis an ualach riaracháin a d’fhéadfadh a bheith ag baint le cur chun feidhme an togra. Cheistigh roinnt toscaireachtaí an méadú ar thagarmharc an uasráta tabhartha cothrom le dáta don leithdháileadh saor in aisce, agus inní orthu faoin tionchar ar a dtionscal. Thairis sin, tarraingíodh anuas saincheisteanna maidir le e.g. raon feidhme leithdháilte saor in aisce a bhaineann le suiteálacha áirithe a choinneáil faoi ETS ar feadh 5 bliana, ar suiteálacha iad nach mbeadh faoi raon feidhme murach sin tar éis bearta a chur chun feidhme chun a dtomhaltas fuinnimh agus a n-astaíochtaí a laghdú.

Tugadh aird ar leith ar chéimniú amach an leithdháilte saor in aisce in ETS d’earnálacha a chumhdaítear leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha arb é is aidhm dó comhoiriúnacht bhearta an Aontais leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála in aghaidh sceitheadh carbóin a áirithiú. I measc na dtuairimí tosaigh bhí moladh go ndéanfaí céimniú amach níos tapa a fhiosrú (lena bhféadfaí céimniú isteach níos tapúla a dhéanamh ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha) agus cur chuige aireach a iarraidh, thug roinnt toscaireachtaí le fios nár cheart an cinneadh maidir le céimniú amach a dhéanamh ach amháin in athbhreithniú i ndiaidh chéim phiólótach an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha. Tá soiléiriú iarrtha ag na toscaireachtaí *inter alia* ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcoibhéis idir cóireáil na dtáirgí arna dtáirgeadh ag suiteálacha faoi ETS agus táirgí allmhairithe, agus béim á leagan acu ar an ngá lena áirithiú go mbeidh an chosaint chéanna ar sceitheadh carbóin ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus a bheidh ar leithdháileadh saor in aisce. Cuireadh go leor ceisteanna faoin tionchar a bheadh ag céimniú amach iomaíochas tháirgeoirí an Aontais ar mhargaí onnmhairíochta.

Maidir leis na hearnálacha muirí agus eitlíochta, cuireadh béim ar mheasúnú iomlán a dhéanamh ar na tograí, go háirithe ó thaobh a rannchuidiú le laghdú na n-astaíochtaí, a dtionchar ar na hearnálacha agus ar an iomaíochas, agus an comhthéacs idirnáisiúnta agus na himthosca náisiúnta (e.g. saincheisteanna nascachta) á mbreathnú. Maidir le hidirnáise le comhaid eile, d'iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí measúnú ar thionchair charnacha na dtograí maidir le ETS, ReFuelEU Eitlíocht, FuelEU Muirí agus maidir le cánachas fuinnimh.

Aithníonn na toscaireachtaí go ginearálta gur gá don iompar muirí rannchuidiú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Go ginearálta, tá tacaíocht ann maidir le hiompar muirí a chur san áireamh in ETS agus ag an am céanna cuireadh i dtreis a thábhachtaí atá sé iomaíochas thionscal loingseoireachta an Aontais a chosaint agus cúinsí sonracha náisiúnta agus geografacha a chur san áireamh. Mar sin féin, bhí roinnt acu den tuairim go mbaineann dúshlán agus rioscaí ar leith leis an earnáil mhuirí a chur san áireamh agus a dhícharbónú. D'iarr roinnt toscaireachtaí súil ghéar a chaitheamh ar na modúlachtaí le haghaidh cur san áireamh (e.g. céimniú isteach an chórais, dáileadh na gceart ceantála, agus an t-eintiteas atá freagrach as lamháltais a ghéilleadh) agus tacaíocht leordhóthanach don taighde agus don nuálaíocht a háirithiú agus ioncam ceantála á thiomnú do ghlasú na hearnála.

Maidir leis an raon feidhme agus an leibhéal uaillmhéine atá beartaithe do shíneadh ETS chuig iompar muirí, d'iarr toscaireachtaí soiléiriú maidir leis an gcumhdach 50 % atá beartaithe do mhuiristir lasmuigh den Aontas agus theastaigh ó roinnt acu féachaint an bhféadfaí an uaillmhian a mhéadú (e.g. astaíochtaí neamh-CO<sub>2</sub> agus longa faoi bhun 5 000 tonna a áireamh).

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl freisin go bhfuil siad in amhras an leor iad na bearta atá beartaithe chun cur i gcoinne na n-iarrachtaí atá á ndéanamh ag gníomhaithe an mhargaidh a neamhchosaint ar phraghsáil carbóin a laghdú, go háirithe trí thacú le calafoirt neamh-Aontais atá gar do na Ballstáit nó ag aistriú chuig modhanna eile iompair ('imghabháil carbóin') agus d'iarr siad go ndéanfaí bearta breise. Sa chomhthéacs sin, chuir a lán toscaireachtaí i dtreis gur gá cothrom na Féinne a áirithiú do thionscal loingseoireachta an Aontais.

D'fhiafraigh roinnt toscaireachtaí an gceadaítear leis an gclásal maidir le hathbheithniú go mbeadh an fhéidearthacht ann ailíniú go hiomlán le beart margadh-bhunaithe a chomhaontófar laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta amach anseo, agus d'áitigh siad gur gá freagairt d'aon fhorbairtí ábhartha i ndáil leis sin.

D'iarr roinnt toscaireachtaí tuilleadh faisnéise maidir leis na forálacha atá beartaithe i ndáil leis an eintiteas rialaithe, leis an údarás riaracháin, chomh maith le forfheidhmiú agus pionóis, agus go háirithe an bhfuil siad comhréireach agus ailínithe le nósanna imeachta idirnáisiúnta. Ina theannta sin, tarraingíodh anuas saincheistanna maidir le tionchar ar phraghsanna iompair mhuirí agus maidir leis an méadú a d'fhéadfadh a bheith ar an ualach riaracháin do chuideachtaí agus d'údaráis.

Maidir leis an togra 'eitlíocht ETS', díríodh sa chéad scrúdú ar cheistanna mionsonraithe teicniúla chun forálacha éagsúla an togra agus a thionchar a shoiléiriú, lena n-áirítear ar an iomaíochas agus ar thomhaltóirí. Tá tacaíocht ghinearálta ann don aidhm dícharbónú breise a dhéanamh ar an earnáil agus cothrom na Féinne á áirithiú d'aerlínte na hEorpa i margadh domhanda ag an am céanna. Go sonrach, maidir leis an dá phríomhghné den togra, eadhon deireadh a chur go céimnitheach leis an leithdháileadh saor in aisce don eitlíocht agus cur chun feidhme CORSIA:

- Admhaítear go ginearálta gur cheart deireadh céimnitheach a chur leis an leithdháileadh saor in aisce, mar sin féin, le roinnt acu i bhfabhar céimniú amach níos moille, i bhfianaise COVID-19 freisin, iad ag iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leordhóthanach don earnáil. Thacaigh roinnt toscaireachtaí eile leis an moladh le haghaidh an aistrithe go ceantáil iomlán, nó b'fhearr leo céimniú amach níos tapúla nó láithreach fiú.
- Maidir leis an togra CORSIA a chur i bhfeidhm de réir mar is iomchuí tríd an Treoir ETS, cuireadh roinnt ceistanna faoin rogha a rinneadh maidir le raon feidhme (i.e. CORSIA a chur i bhfeidhm ar eitiltí lasmuigh de LEE agus cur i bhfeidhm leanúnach ETS ar eitiltí laistigh de LEE agus eitiltí a imíonn chuig an Ríocht Aontaithe agus chuig an Eilvéis). Díríodh sna barúlacha ar shoiléiriú a lorg maidir leis na módúlachtaí don chur chun feidhme, go háirithe ar chomhleanúnachas le huaillmhian Chomhaontú Pháras agus ar ailíniú le CORSIA. Díríodh sna ceistanna *inter alia* ar cháilíocht na gcreidiúintí agus ar an téarmaíocht a bhaineann le creidiúintí, leis na tíortha a chumhdaítear agus leis an mbunlíne.

Díríodh sna barúlacha tosaigh maidir le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh (MSR) *inter alia* ar thionchar an chúlchiste ar phraghsáil carbóin. Ar thaobh amháin, díríodh sna barúlacha ar chomhartha láidir praghais a áirithiú chun bonn taca a chur le ETS uailmhianach agus, ar an taobh eile, ar shuaitheadh praghais a mhaolú, go háirithe méaduithe móra ar phraghsanna, agus ceistíodh freisin na tionchair charnacha mar thoradh ar an gcaidhp a athbhunú agus ar na hathruithe a rinneadh ar an MSR i mbliain na hathbhunaithe. Chuige sin, cuireadh roinnt ceisteanna freisin maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar pharaiméadair dheartha, lena n-áirítear an leibhéal tairsí chun idirghabháil MSR a spreagadh agus cén fáth nach bhfuil na tairseacha i ndáil leis sin á laghdú. D'iarr toscaireachtaí eile an mbeadh critéir eile, go háirithe leibhéil praghanna carbóin, níos iomchuí chun an idirghabháil a spreagadh. Mhol toscaireacht amháin gur cheart breathnú ar MSR mar ionstraim chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí idir an t-ioncam agus na costais a íocann suiteálacha ETS i mBallstáit ar tairbhíthe iad den Chiste don Nuachóiriú.

Maidir leis an togra ar leith le haghaidh cinneadh ó MSR go leanfar leis an ráta iontógála dúbailte 24 % go dtí 2030, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go sainráite go dtacaíonn siad leis an togra, á mheabhrú dóibh gur gá leanúint den bharrachas stairiúil a bhaint, cé gur chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil inní shuntasach orthu maidir lena thionchar.

I bhfianaise an ardaithe thobainn ar phraghsanna fuinnimh le déanaí, chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis gur gá, mar thosaíocht, Airteagal 29a maidir le 'Bearta i gcás luaineacht iomarcach ar phraghsanna' (nach cuid den togra ón gCoimisiún é) a neartú ionas go mbeadh sé níos frithghníomhaí. D'iarr cuid acu freisin go dtabharfaí aghaidh ar amhantraíocht a d'fhéadfadh a bheith ann i margadh ETS. Thug toscaireachtaí eile rabhadh i gcoinne bearta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh ar fheidhmiú ETS nó a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den fheidhmiú sin fiú. Measann roinnt toscaireachtaí nár cheart go ndéanfaí an plé maidir leis an méadú ar phraghsanna fuinnimh faoi chuimsiú an phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

Maidir le forálacha airgeadais ETS, díríodh sa phlé go príomha ar mhéid, foinsiú, raon feidhme agus dáileadh an Chiste don Nuachóiriú agus an Chiste don Nuálaíocht, agus ar na forálacha maidir le cur in áirithe.

Ba dhíol sásaimh do roinnt mhaith toscaireachtaí an méadú atá beartaithe ar an gCiste don Nuachóiriú, agus mhol roinnt acu méadú breise, cé go bhfuil toscaireachtaí eile ag iarraidh measúnú a dhéanamh ar úsáid an chistithe, lena n-áirítear na héifeachtaí lena bhfuiltear ag súil ar an maolú aeráide. Tacaíonn roinnt toscaireachtaí go sainráite le tacaíocht le hinfeistíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise d'aon chineál (ní hamháin breoslaí iontaise soladacha) a eisiamh ó chistiú faoin gCiste don Nuachóiriú, cé gur chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais láidre in iúl, agus cuid acu á mheabhú dóibh an tagairt sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2020 maidir le ról na dteicneolaíochtaí idirthréimhseacha amhail gás.

Ba dhíol sásaimh do roinnt mhaith toscaireachtaí an méadú ar an gCiste Nuálaíochta, cé gur cheistigh roinnt eile é. Chuir roinnt acu in iúl gur cúis inní dóibh foinsiú an Chiste Nuálaíochta, go háirithe ó líuntais ó ETS ar leith maidir le foirgnimh agus iompar de bhóthar, agus líuntais a eascraíonn as an laghdú sa leithdháileadh saor in aisce in earnálacha a áirítear sa Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (CBAM).

Go ginearálta, is díol sásaimh do na toscaireachtaí an soiléiriú go bhféadfaidh gach earnáil faoi ETS leas a bhaint as an gCiste don Nuálaíocht, chomh maith leis an raon feidhme a leathnú chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail trí shásraí tairisceana iomaíocha amhail conarthaí difríochta carbóin. Mheas roinnt acu gur gá go háirithe don earnáil iompair mhuirí mar earnáil nua faoi ETS leas a bhaint as cistiú leordhóthanach, mar shampla, earnáil trí chur in áirithe. Moladh freisin ciste sonracha a bhunú chun tacú le haistriú glas na hearnála muirí. D'iarr roinnt toscaireachtaí go mbeadh cothromaíocht gheografach bhreise ann agus tionscadail á ndáileadh faoin gCiste don Nuálaíocht.

D'iarr roinnt toscaireachtaí soiléiriú maidir le cur in áirithe éigeantach ioncaim uile ceantála chun críoch aeráide agus fuinnimh, ag cur chun suntais saincheistanna na comhoiriúnachta le prionsabail náisiúnta bhuiséadacha. Chuir roinnt mhaith toscaireachtaí i bhfios go láidir nach mór measúnú a dhéanamh ar na forálacha airgeadais i bhfianaise an togra ón gCoimisiún maidir leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse agus na n-impleachtaí atá aige ar sciar na mBallstát d'ioncam ceantála. Cuireadh barúlacha den chineál céanna in iúl freisin maidir leis an ioncam a bhfuiltear ag súil leis ó ETS ar leith atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar, lena n-áirítear iad a chur in áirithe.

Maidir le saincheistean eile, tugtar faoi deara gur tosaíocht ar leith do roinnt toscaireachtaí iad suiteálacha a bhaineann úsáid as bithmhais. Sa chomhthéacs sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil inní orthu go gcruthófar dreasachtaí do na suiteálacha sin breoslaí iontaise a úsáid leis an luach tairsí níos ísle atá beartaithe arb ionann é agus 95 % le haghaidh dóchán bithmhaise nialas-rátaithe.

ii) An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR)<sup>3</sup>

8. Is é príomhaidhm an togra ón gCoimisiún rannchuidiú ESR le huailmhian aeráide fhoriomlán an Aontais do 2030 a mhéadú trí sprioc nua ar leibhéal an Aontais a leagan síos maidir le laghduithe 40 % ar astaíochtaí gás ceaptha sna hearnálacha arna gcumhdach ag ESR (ón 29 % atá ann faoi láthair) i gcomparáid le 2005, agus spriocanna náisiúnta na mBallstát a nuashonrú dá réir sin.

Cheap Parlaimint na hEorpa Jessica Polfjård (PPE, SE) ina Rapóirtéir don Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI). Tá an obair ar an gcomhad fós ag céim luath agus de réir na faisnéise atá ar fáil, níor cuireadh aon amchlár deiridh in iúl.

Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra ach níor thug siad a dtuairimí go fóill.

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis ag trí chruinniú, rud a d'fhág go rabhtas in ann céad léamh tosaigh an togra a thabhairt chun críche. Cé go bhfuil tacaíocht fhoriomlán ghinearálta ann d'uailmhian mhéadaithe fhoriomlán an togra, tá staidéar níos mionsonraithe á dhéanamh fós ag formhór na dtoscaireachtaí ar an togra agus dá bhrí sin is réamhthuairimí iad a dtuairimí nó a seasaimh ag an bpointe seo. Díriodh sa phlé mar sin ar na gnéithe nua den togra a shoiléiriú i gcomparáid le ESR atá ann cheana. Le linn na gcrúinnithe a tionóladh go dtí seo, rinne an Coimisiún iarracht soiléirithe agus freagraí a thabhairt ar na ceisteanna a chuir toscaireachtaí a bhaineann go háirithe leis na spriocanna, leis na solúbthachtaí agus leis an gcúlchiste breise atá beartaithe, lena n-áirítear i ndáil le tograí 'Oiriúnach do 55' eile.

---

<sup>3</sup> Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh (10867/21 + ADD 1-4)

Coinníonn an togra raon feidhme reatha ESR, lena n-áirítear iompar de bhóthar agus foirgnimh. Is díol sásaimh do na toscaireachtaí i bprionsabal nár athraíodh an raon feidhme, ach d'iarr siad faisnéis bhreise maidir leis an idirghníomhú idir ESR agus an trádáil nua astaíochtaí atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar. De réir an Choimisiúin, leis an leathnú comhuaineach ar thrádáil astaíochtaí chuig an dá earnáil sin faoin athbhreithniú atá beartaithe ar an treoir ETS tacófar leis na Ballstáit a gcuid spriocanna ESR a bhaint amach in áit iad a ionadú.

Leanann an cur chuige a úsáidtear chun spriocanna náisiúnta beartaithe na mBallstát a nuashonrú de bheith bunaithe ar OTI *per capita* le ceartuithe teoranta chun ábhair inní maidir le cost-éifeachtúlacht a chur san áireamh. Cé gur díol sásaimh do roinnt toscaireachtaí go bhfuil OTI *per capita* fós mar bhonn don ríomh, tá inní ar roinnt toscaireachtaí eile nach léirítear go leordhóthanach leis an modheolaíocht a úsáidtear critéar na cost-éifeachtúlachta nó go gcuireann sí le cóineasú thar am go háirithe ós rud é go bhfuil an spriocraon 40 pointe céatadáin gan athrú ó ESR atá ann cheana. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go measann siad go bhfuil a gcuid spriocanna nua faoi seach an-dúshlánach. Arna iarraidh sin do na toscaireachtaí, chuir an Coimisiún ar fáil roinnt faisnéise agus tagairtí breise do na sonraí maidir le ríomh na spriocanna náisiúnta.

Ina theannta sin, chuir roinnt toscaireachtaí inní in iúl go bhféadfadh éiginnteacht a bheith ann do na Ballstáit mar thoradh ar an athbhreithniú beartaithe ar shonraí astaíochtaí ó fhardail náisiúnta, atá beartaithe do 2025, agus an t-athchoigeartú ina dhiaidh sin ar leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát do na blianta ó 2026 go 2030. Mar chuid den nuashonrú teicniúil ar an gcreat chun leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát a shocrú, moltar an t-athchoigeartú ar an gcúis nach eol tionchair phaindéim COVID-19 agus an téarnaimh uaidh ar gheilleagar an Aontais agus ar leibhéal na n-astaíochtaí agus nach féidir iad a chainníochtú go hiomlán. De réir an Choimisiúin, is é is aidhm don athchoigeartú a áirithiú go gceadaítear aistrithe idir Ballstáit i gcónaí le méid na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí agus go gcuirtear san áireamh athléim fhéideartha agus carnadh barrachas iomarcach á sheachaint ag an am céanna.

Ó thaobh na solúbthachtaí dá bhforáiltear in ESR de, aontaíonn na toscaireachtaí i gcoitinne go mbeidh ról tábhachtach ag solúbthachtaí chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, agus sláine comhshaoil á hurramú acu. Leis an togra ón gCoimisiún, coinnítear na solúbthachtaí ginearálta (baincéireacht agus iasachtú, trádáil na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí idir na Ballstáit) cé go molar roinnt athruithe ar sholúbthacht ETS (rochtain mhéadaithe do Mhálta) agus ar sholúbthacht LULUCF (úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht) lena gceadaítear do na Ballstáit méid teoranta glan-aistrithe ó earnáil LULUCF a úsáid chun a spriocanna faoi ESR a chomhlíonadh. Maidir leis an méid sin, d'iarr roinnt toscaireachtaí soiléiriú breise ar na hathruithe atá beartaithe ar sholúbthacht LULUCF agus ar an réasúnaíocht le húsáid uasmhéid iomlán na solúbthachta a dheighilt idir an dá thréimhse chomhlíontachta 5 bliana gan aon deis a thabhairt an méid sin a thabhairt anonn ón gcéad tréimhse (ó 2021 go 2025) go dtí an dara tréimhse (ó 2026 go 2030). De réir an Choimisiúin, tá sin nasctha leis an athrú ar an modheolaíocht chuntasaíochta atá beartaithe i Rialachán LULUCF don tréimhse ó 2026 go 2030 agus leis an Dlí Aeráide Eorpach.

Tá cúlchiste deonach nua sa togra freisin ina mbeadh creidmheasanna LULUCF atá fós neamhúsáidte ag deireadh an dara tréimhse chomhlíontachta. D'fhéadfadh rochtain a bheith ag na Ballstáit ar an gcúlchiste chun a sprioc ESR 2030 a chomhlíonadh ar choinníoll go mbainfidh an tAontas amach a sprioc fhoriomlán 2030, agus uasmhéid an rannchuidithe ó ghlan-aistrithe á chur san áireamh faoin Dlí Aeráide Eorpach. D'iarr roinnt toscaireachtaí freisin faisnéis bhreise maidir le haidhm an chúlchiste bhreise nua, maidir leis an bhfeidhmiú a bhfuiltear ag súil leis agus maidir leis an bhféidearthacht cuidiú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna ESR a chomhlíonadh, agus is oth le roinnt toscaireachtaí freisin easpa intuarthachta do na Ballstáit ós rud é nach mbeidh siad ar an eolas faoina infhaighteacht go dtí deireadh an phróisis comhlíontachta.

I dteannta na gceisteanna maidir le feidhmiú comhreathach na solúbthachtaí dá bhforáiltear sna tograí le haghaidh Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill (ESR) agus maidir le LULUCF, d'fhiafraigh roinnt toscaireachtaí an bhféadfaí úsáid nó rochtain ar an tsolúbthacht aonuaire idir ETS agus ESR a mhéadú chun cost-éifeachtúlacht na laghduithe astaíochtaí a fheabhsú.

iii) An Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF)<sup>4</sup>

9. Is é príomhaidhm an togra ón gCoimisiún an méid a chuireann earnáil LULUCF le huaillmhian aeráide fhoriomlán mhéadaithe an Aontais a neartú do 2030 trí sprioc glanaistrithe gás ceaptha teasa ar leibhéal an Aontais dar méid 310 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> a leagan síos in earnáil LULUCF in 2030.

I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Ville NIINISTÖ (Verts/ALE, FI) ina Rapóirtéir ar an gcoiste ceannais, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI). Ceapadh Norbert LINS (PPE, DE) mar Rapóirtéir don Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI), coiste comhlachaithe a bhfuil inniúlacht chomhroinnte aige maidir le forálacha sonracha (Airteagail 2(3) agus 4(4)). Tá an obair ar an gcomhad fós ag céim luath agus de réir na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, níor cuireadh aon amchlár deiridh in iúl.

Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra ach níor thug siad a dtuairimí go fóill.

---

<sup>4</sup> Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsaíde talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (10857/21 + ADD 1-4).

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis ag ceithre chruinniú, rud a d'fhág go rabhthas in ann céad léamh tosaigh an togra a thabhairt chun críche. Ag an tráth seo, is réamhthuarimí, den chuid is mó, na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl agus, sa phlé ar an leibhéal teicniúil maidir leis an togra ón gCoimisiún, díriodh den chuid is mó ar shoiléiriú a dhéanamh ar na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán atá ann cheana, go háirithe i gcomhthéacs na n-athruithe suntasacha ar an gcóras foriomlán ó 2026 ar aghaidh. Baineann formhór na gceistanna agus na n-ábhar inní a cuireadh in iúl go dtí seo leis na nithe a leanas: na spriocanna náisiúnta do 2030, an creat atá beartaithe i ndiaidh 2030, na solúbthachtaí a ceapadh chun cabhrú leis na Ballstáit a spriocanna a chomhlíonadh (lena n-áirítear an t-idirghníomhú le solúbthachtaí agus an cúlchiste breise atá molta in ESR), an mheicníocht chomhlíontachta agus pionós agus, chomh maith leis sin, na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe.

Ó 2021 go 2025, coimeádann an togra an riail reatha maidir leis an 'gealltanais faoi thoradh neodrach nó dearfach', a chiallaíonn nach mór do na Ballstáit a áirithiú nach sáróidh suim na n-astaíochtaí iomlána suim na n-aistrithe iomlána arna ngineadh ag an earnáil tar éis na rialacha cuntaíochta agus an tsolúbthacht le hearnáil ESR a chur i bhfeidhm. Maidir leis an tréimhse ó 2026 go 2030, leagtar amach sa togra sprioc glanaistrithe gás ceaptha teasa ar leibhéal an Aontais dar méid 310 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> in earnáil LULUCF faoi 2030. Leithdháiltear an sprioc sin ar na Ballstáit i bhfoirm spriocanna náisiúnta ceangailteacha bunaithe ar fheidhmíocht mhaolaithe reatha gach Ballstáit san earnáil LULUCF agus a sciar den limistéar talún bainistithe san Aontas. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh in 2025, gníomh lena gcinnfear na spriocanna bliantúla le haghaidh gach Ballstáit bunaithe ar chonair líneach. Ó 2031 ar aghaidh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún astaíochtaí ón earnáil talmhaíochta nach astaíochtaí CO<sub>2</sub> iad a chumasc le haistrithe agus astaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Rialachán LULUCF chun colún aonair nua amháin a chruthú lena gcumhdófar úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht. Ina theannta sin, leagtar amach sa togra an cuspóir aeráidneodracht a bheith ann faoi 2035 ar leibhéal an Aontais san earnáil chomhcheangailte. Thairis sin, sainmhínítear sa togra próiseas inarb é a dhéanfaidh an Coimisiún, faoi dheireadh 2025, togra reachtach a thíolacadh lena leagfar amach rannchuidithe na mBallstát leis an sprioc aeráidneodrachta san earnáil talún chomhcheangailte.

Admhaíonn na toscaireachtaí go ginearálta ról tábhachtach earnáil LULUCF i mbeartas aeráide an Aontais agus an méadú ar a uaillmhian fhoriomlán. Sna réamhthuaraimí a thug roinnt toscaireachtaí, áfach, chuir siad in iúl go bhfuil inní orthu faoi na spriocanna náisiúnta atá beartaithe do 2030, lena n-áirítear leibhéal a n-uaillmhéine, faoi na critéir arna úsáid agus iad á ríomh, agus faoin meicníocht chomhlíontachta nua atá beartaithe. Is é an cheist a bhí ag go leor acu conas a cuireadh saintréithe náisiúnta amhail dálaí geografacha nádúrtha agus struchtúr aoise foraoisí san áireamh chomh maith leis an ngá a áirithiú go gcuirfí feabhas fadtéarmach ar linnte agus spriocanna á ndáileadh. Tá inní ar thromlach na dtoscaireachtaí nach bhfuil an próiseas atá beartaithe chun spriocanna bliantúla a shocrú ina dhiaidh sin do na blianta ó 2026 go 2029 bunaithe ar chonair líneach, nach bhfuil sé oiriúnach d'earnáil ina mbíonn luaineachtaí móra idirbhliantúla agus ar an ábhar céanna nach mbeadh sé iomchuí comhlíontacht a sheiceáil le hais aon bhliain amháin ar leith. Chuir roinnt toscaireachtaí inní in iúl freisin maidir le cur i bhfeidhm na meicníochta um cheartuithe teicniúla atá beartaithe agus d'iarr siad tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas agus faoi na torthaí dá bhforáiltear. Faoi láthair, tá go leor ceisteanna fanta faoin gcreat a bheidh i gceist i ndiaidh 2030, agus tuairim ag roinnt toscaireachtaí go bhfuil sé róluath an creat sin a áireamh sa togra seo.

Sa phlé ar na solúbthachtaí díriodh ar ghnéithe teicniúla a shoiléiriú agus ar na hathruithe ar na solúbthachtaí reatha tar éis 2025, agus ar thuiscint níos fearr a fháil ar na naisc idir na solúbthachtaí sna tograí le haghaidh Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill agus LULUCF, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Dlí Aeráide Eorpaigh. Ó 2026 ar aghaidh ní bheifear in ann aon bharrachas aistrithe ón tréimhse ó 2021 go 2025 go dtí an tréimhse ó 2026 go 2030 a thaisceadh a thuilleadh. Mar sin féin, féadfaidh Ballstáit leanúint dá mbarrachais a thrádáil. Déanfar solúbthacht níos cuimsithí as an tsolúbthacht atá ann faoi láthair maidir le húsáid talún sa dara tréimhse tríd an raon feidhme a mhéadú ó thalamh foraoise bainistithe go dtí na catagóirí tuairiscithe uile. Roinnfear an méid iomlán solúbthachta féideartha ina dhá leath agus beidh a húsáid faoi réir na spriocanna a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais agus feidhm a bheith ag na spriocanna maidir leis an dá thréimhse. Sa dara tréimhse, is é an fheidhm atá beartaithe le bheith ag an tsolúbthacht úsáide talún ionstraim aon-solúbthachta ar féidir í a úsáid chun luaineachtaí a chothromú idir blianta. Ina theannta sin, d'fhéadfaí meicníocht bhreise a úsáid faoi choinníollacha áirithe chun cabhrú le Ballstáit i gcás ina mbuailfeadh suaití nádúrtha iad sa dá thréimhse.

Go ginearálta, aithníonn na toscaireachtaí go mbeidh an tsolúbthacht, go háirithe i gcás imeachtaí suaite nádúrtha, an-tábhachtach chun gur fusa do na Ballstáit an uailmhian mhéadaithe i ndiaidh 2025 a chomhlíonadh. Chuir siad in iúl, áfach, go bhfuil inní orthu cé acu a bheidh nó nach mbeidh na solúbthachtaí atá beartaithe leordhóthanach i ndáil leis an méid sin, go háirithe i gcás ina mbeidh infhaighteacht na solúbthachta ag brath ar sprioc fhoriomlán an Aontais a bhaint amach. Táthar in amhras faoi dheireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit barrachas aistrithe LULUCF a thaisceadh ón tréimhse lena mbaineann an ‘gealltanais faoi thoradh neodrach nó dearfach’ chun iad a úsáid sa tréimhse ó 2026 go 2030, agus lena chois sin, faoin bhfíric nach gceadaítear sa togra barrachas aistrithe a thaisceadh laistigh den dara tréimhse chomhlíontachta i gcomhthéacs na spriocanna bliantúla.

Sa togra tá leasuithe ar an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (AE) 2018/1999<sup>5</sup>, ina bhfuil na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa agus maidir le dul chun cinn na mBallstát i dtreo a spriocanna faoi Rialachán LULUCF a rianú. Áirítear ar na leasuithe sin bearta chun feabhas a chur ar chruinneas an fhaireacháin agus an tuairiscithe agus ar na ceanglais maidir le faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí agus aistrithe trí úsáid a bhaint as ardteicneolaíochtaí a bheidh ar fáil faoi chlár de chuid an Aontais, clár amhail Copernicus, agus sonraí digiteacha a bhailítear faoin gComhbheartas Talmhaíochta. Agus cabhair á fáil acu ó na sonraí nua a cuireadh ar fáil tar éis na ceanglais nua a chur i bhfeidhm ar na córais fardail, beidh ar na Ballstáit freisin faisnéis bhreise a sholáthar in 2027 agus in 2032 ina dtuarascálacha comhlíontachta maidir leis an dá thréimhse faoi seach, lena n-áirítear measúnú ar shineirgí agus ar chomhbhabhtálacha idir beartais agus bearta náisiúnta, d’fhonn bogadh chuig bearta a bheidh níos beartasdírithe in ionad gan ach comhchuibheas a áirithiú ar leibhéal na cuntasáíochta.

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Tá sé curtha in iúl ag na toscaireachtaí gur ábhar inní dóibh an baol go gcuirfeadh na ceanglais nua faireacháin agus tuairiscithe go mór le castacht fhardal na ngás ceaptha teasa, agus cuid acu ag rá gur cheart an fhaisnéis a cheanglófar a theorannú don mhéid is gá chun a áirithiú, san earnáil sin, go ndéanfaí faireachán ar dhul chun cinn agus go n-athbhreithneofaí astaíochtaí agus aistrithe. Tá inní ar roinnt toscaireachtaí freisin go n-eascródh costais bhreise, ualach riaracháin nó dúbailt oibre as na ceanglais nua. Tríd is tríd, is é an tuairim atá ag na toscaireachtaí gur gá tuilleadh plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil chun tuiscint níos fearr a fháil ar na ceanglais agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo.

iv) Rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí CO<sub>2</sub> do ghluaisteáin agus veaineanna<sup>6</sup>

10. Is é is aidhm don togra cur le huaillmhian fhoriomlán an Aontais trí spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub> 2030 a mhéadú do ghluaisteáin agus veaineanna nua agus trí sprioc 100 % a thabhairt isteach do 2035, rud a spreagfaidh nuálaíocht agus a áiríteoidh go gcoinneofar agus go neartófar iomaíochas domhanda thionscal gluaisteán na hEorpa. Leis an uaillmhian mhéadaithe tacófar *inter alia* leis na Ballstáit a spriocanna náisiúnta a bhaint amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

I bParlaimint na hEorpa, tá an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia i gceannas ar an togra. Ceapadh Jan HUIITEMA (Renew, NL) mar rapóirtéir. Tá an obair ar an gcomhad fós ag céim luath agus de réir na faisnéise atá ar fáil, níor cuireadh aon amchlár deiridh in iúl.

Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra ach níor thug siad a dtuairimí go fóill.

---

<sup>6</sup> Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais (10906/21 + ADD 1-5).

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, thionól an Mheitheal um an gComhshaol trí chruinniú chun an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis a scrúdú, lena n-áirítear scrúdú amháin ‘airteagal ar airteagal’. Cé gur soiléiríodh roinnt saincheistanna sna réamhphléití, tá formhór na dtoscaireachtaí fós ag déanamh staidéar ar an togra agus dá bhrí sin, is réamhthuairimí, den chuid is mó, iad a dtuairimí nó a seasaimh. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le huaillmhian na spriocleibhéal, tháinig na nithe a bhfuil luí leo chun solais sna réamhphléití sin. Ba cheart a thabhairt ar aird, áfach, go bhfuil roinnt toscaireachtaí ann nár thug a oiread agus réamhthuairim ina leith sin, é sin nó nár thug siad ach leath-thuairim.

Glactar leis go ginearálta nach mór d’earnáil na ngluaisteán rannchuidiú le huaillmhian mhéadaithe an Aontais le haghaidh 2030 agus 2050. Dar le roinnt toscaireachtaí go bhfuil an togra rithábachtach chun an uaillmhian fhoriomlán a bhaint amach agus na spriocanna náisiúnta atá acu faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a chomhlíonadh. Chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis gur cheart féachaint ar an uaillmhian ar bhealach atá comhleanúnach leis na tograí eile sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ agus go háirithe leis an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Ionadúla.

Díríodh sna pléití ar spriocanna méadaithe, lena n-áirítear go háirithe an sprioc 100 % do 2035, lena gceanglaítear go mbeidh gach gluaisteán agus veain nua ina fheithicil astaíochtaí nialasacha faoin dáta sin agus lena gcéimneofar amach *de facto* an t-inneall dócháin inmheánaigh.

Tá leibhéal níos airde uaillmhéine iarrtha ag roinnt toscaireachtaí, is é sin nó dúirt siad go bhféadfaidís tacú le leibhéal níos airde, agus iad ag maíomh gur féidir agus gur gá géarú níos tapúla ar an luas i dtreo feithicilí astaíochtaí nialasacha i bhfianaise na huaillmhéine foriomláine. Sa chomhthéacs sin, ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil teacht forleathan cheana féin ar fheithicilí astaíochtaí nialasacha agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar a nglacadh sa mhargadh. Dá mbeadh uaillmhian mhéadaithe ann chuirfeadh sé dlús le húsáid agus le hinacmhainneacht na bhfeithicilí sin, lena n-áirítear sa mhargadh dara láimhe. I dtaca leis an sprioc 100 %, go háirithe, ba mhian leis na toscaireachtaí sin í a tabhairt chun cinn go 2030. D’fhiafraigh roinnt acu faoi na deiseanna a d’fhéadfadh a bheith ag na Ballstáit bearta breise a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta (tá beartais/pleananna ag roinnt Ballstát céimniú amach níos luaithe a dhéanamh ná mar a mhol an Coimisiún). Mhaígh roinnt toscaireachtaí spriocanna 2025 a mhéadú agus sprioc eatramhach a leagan síos idir 2025 agus 2030, agus lena chois sin bhí amhras orthu faoi spriocanna difreáilte a bheith ann do ghluaisteáin agus veaineanna in 2030.

Os a choinne sin, is i bhfách leis na spriocanna do 2025 agus leis na spriocanna difreáilte le haghaidh ghluaisteán agus veaineanna atá ann faoi láthair a choinneáil, mar a mhol an Coimisiún, a bhí toscaireachtaí eile.

Tá sé curtha in iúl ag roinnt toscaireachtaí go bhfuil réamhthacaíocht á tabhairt acu don leibhéal uaillmhéine atá beartaithe, cé go bhfuil *caveat* nó miondifríochtaí ag baint leis. Moladh gur cheart maolú de chineál éigin, go dtí 2039, a bheith ag gabháil le sprioc 2035 100 % le haghaidh na bhfeithiclí astaíochtaí ísle is feidhmiúla.

I gcás roinnt toscaireachtaí, is cúis imní é an leibhéal uaillmhéine atá beartaithe, go háirithe an sprioc 100 % do 2035, a bhfuil sé sainráite ag cuid acu nach bhfuil sé inghlactha. A mhéid a bhaineann le spriocanna 2030, tá sé tugtha le fios go dtí seo ag cuid acu nach n-aontaíonn siad leis an togra ón gCoimisiún. An bhfuil sé róluath an t-inneall dócháin inmheánaigh a chéimniú amach agus an bhfuil níos mó ama ag teastáil, is i dtaca leis na ceistanna sin a cuireadh ábhair imní in iúl, agus thug roinnt toscaireachtaí le fios nár cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcéimniú amach ach i gcomhthéacs an chéad athbhreithnithe eile, a bhféadfaí é a thabhairt chun cinn go dtí 2026. Tá roinnt nithe nach mór breathnú orthu tugtha chun suntais ag na toscaireachtaí sin, go háirithe nach mór cásanna éagsúla na mBallstát a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle de bharr difríochtaí i rolladh amach an bhonneagair luchtaithe agus ina gcumhacht cheannaigh; agus go dtéann céimniú amach an innill dócháin inmheánaigh in aghaidh phrionsabal na neodrachta teicneolaíche. Cuireadh i bhfios go láidir freisin gur cheart tionchar an aistrithe sa mhonaraíocht agus líon na bpost a chaillfí dá bharr a chur san áireamh, rud a d'éileodh, *inter alia*, go ndéanfaí gníomhaíocht shuntasach maidir le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe. Ina theannta sin, luadh saincheistanna na hinacmhainneachta leictreachais agus na hinfhaighteachta ceallraí agus amhábhar.

Iarradh go mbreathnófaí ar an tionchar a bheadh ag an moladh sin ar mhargadh na ngluaisteán dara láimhe i mBallstáit áirithe, agus é á chur chun suntais go n-éireodh méadú ar líon na ngluaisteán, cinn níos sine a dhéanadh níos mó truaillithe, a onnmhaireofar chun na Ballstáit ísealioncaim mar gheall ar ghlacadh níos tapúla gluaisteán astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí sna Ballstáit sin inar mó an t-ioncam. Cé go n-admhaítear nach féidir déileáil leis an tsaincheist sin sa Rialachán seo, táthar ag moladh go ndéanadh an Coimisiún faireachán air, e.g. i gcomhthéacs na tuarascála dul chun cinn / an phróisis athbhreithnithe agus go bhféachfadh sé ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann.

D'iarr roinnt toscaireachtaí go n-áireofaí rannchuidiú na mbreoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin nó d'fhéadfaidís tacú leis sin agus measúnú á dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na monaróirí feithiclí a spriocanna. Mar sin féin, tacaíonn roinnt toscaireachtaí go láidir le hargóintí an Choimisiúin ina choinne sin, lena n-áirítear gurbh fhearr na breoslaí sin a dhíriú ar earnálacha eile ar deacra iad a díhcharbónú.

Is mian le roinnt toscaireachtaí deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as an bparaiméadar maise, mar a thugtar air, maidir leis na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí a chinneadh agus, dá bhrí sin, an chomhroinnt díchill eatarthu.

A mhéid a bhaineann leis an sásra chun úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a dhreasú mar a comhaontaíodh san athbhreithniú deireanach a rinneadh ar an Rialachán, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún é a chéimniú amach faoi 2030, agus déine na sprice mar an phríomhchúis lena nglacadh á cur san áireamh. Léirítear sna tuairimí a tugadh go dtí seo go dtacaíonn roinnt toscaireachtaí leis sin ach go molann roinnt toscaireachtaí eile céimniú amach níos luaithe agus iad ag cur iúl go bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn den uailmhian mar gheall ar an sásra, mar atá sé faoi láthair. Bhí toscaireachtaí eile i gcoinne an chéimnithe amach atá beartaithe, ag cur chun suntais go dtugtar dreasachtaí ar leith leis chun glacadh na bhfeithiclí sin sna Ballstáit ina bhfuil glacadh na bhfeithiclí sin íseal faoi láthair a spreagadh. Tá forchoimeádas curtha in iúl ag roinnt toscaireachtaí maidir le maolú na monaróirí ísealtáirgeachta ós rud é nach bhfuil ach buntáistí an-teoranta ag gabháil leis maidir le hastaíochtaí a laghdú ach go gcuirtear saintréithe áirithe an mhargaidh san áireamh leis. Chuir Ballstáit eile in iúl go dtacaíonn siad leis an togra.

Léiríodh sa phlé tosaigh go rabhthas i bhfabhar an t-athbhreithniú atá beartaithe do 2028 a thabhairt chun cinn agus chuir na toscaireachtaí roinnt saincheistanna breise ar aghaidh a bheidh le hathbhreithniú nó le cur san áireamh sa tuarascáil ar dhul chun cinn atá beartaithe cf. na pléití a bhaineann leis an uailmhian atá beartaithe.

v) Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta<sup>7</sup> (SCF)

11. Is é is aidhm don togra tionchair shóisialta agus dháileacháin an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus don iompar de bhóthar a mhaolú trí Chiste Aeráide Sóisialta ('an Rialachán maidir le SCF') a bhunú chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, le micrifhiontair agus le húsáideoirí iompair. Bunaithe ar Phleananna Aeráide Sóisialta atá le forbairt ag na Ballstáit, tugtar tacaíocht leis do bhearta agus d'infheistíochtaí chun astaíochtaí grúpaí leochaileacha a laghdú sna hearnálacha sin agus féadfar tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach a chumhdach leis freisin.

I bParlaimint na hEorpa, is príomhchoistí i nós imeachta comhchoiste iad an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) araon. Is coiste comhlachaithe é an Coiste um Buiséid (BUDG) ag a bhfuil inniúlacht eisiach maidir le gnéithe a bhaineann go díreach le hacmhainní dílse. Ceapadh Esther de Lange (PPE, NL) mar rapóirtéir do ENVI, David Casa (PPE, MT) mar rapóirtéir do EMPL agus Margarida Marques (S&D, PT) do BUDG. Tá an obair ar an togra fós ag céim luath agus de réir na faisnéise atá ar fáil, níor cuireadh aon amchlár deiridh in iúl.

Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra ach níor thug siad a dtuairimí go fóill.

---

<sup>7</sup> Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta (10920/21 + COR1 + ADD 1 + ADD1 COR1).

Bhí trí chruinniú ag an Meitheal *Ad Hoc* um an gCiste Aeráide Sóisialta (AHWP SCF)<sup>8</sup> i ndáil leis an Rialachán maidir le SCF le linn Uachtaránacht na Slóivéine. Díríodh sa phlé ar roinnt gnéithe ginearálta agus buiséadacha tábhachtacha den togra a shoiléiriú. Cé go n-aithnítear go ginearálta gur gá a áirithiú go mbeidh aistriú glas ann agus nach bhfágfar aon duine ar lár agus go dtabharfaí aghaidh ar iarmhairtí sóisialta an chórais trádála astaíochtaí atá beartaithe d'fhoirgnimh agus don iompar de bhóthar, tugadh tuairimí measctha faoin togra tríd is tríd. Ba dhíol sásaimh do roinnt toscaireachtaí an tuiscint ghinearálta maidir le Ciste a bhunú, cé gur chuir go leor acu ábhair mhóra inné in iúl agus gur iarr siad soiléirithe, go háirithe maidir leis na hidirnaise le tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55', leis na sonraí a thacaíonn le ríomhanna éagsúla sa togra agus leis an tionchar ar leibhéal na mBallstát agus is oth le roinnt toscaireachtaí nach ndearnadh measúnú tionchair aonair. Tá staidéar á dhéanamh ag na toscaireachtaí ar an téacs fós agus dá bhrí sin, is réamhthuairimí iad a dtuairimí nó a seasaimh den chuid is mó. Cuirfear tús le scrúdú airteagal ar airteagal ar an togra faoi Uachtaránacht na Fraince.

I gcás fhormhór na dtoscaireachtaí, tá dlúthbhaint ag Rialachán SCF leis an gcóras nua trádála astaíochtaí atá beartaithe d'earnáil na bhfoirgneamh agus d'earnáil an iompair de bhóthar sa treo athbhreithnithe maidir le córas trádála astaíochta agus chuir cuid acu i bhfios go láidir freisin tionchair shóisialta agus dháileacháin na dtograí eile a bhaineann leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55', lena n-áirítear an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

Chuir roinnt toscaireachtaí i dtábhacht go mbeidh an bhailchríoch a chuirfear ar sheasaimh náisiúnta maidir le rialachán SCF faoi réir measúnú a dhéanfar ar na tograí atá le teacht maidir leis an gCinneadh i ndáil le hAcmhainní Dúlse agus leis an leasú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (2021-2027). Chuir roinnt toscaireachtaí ábhair inné in iúl maidir le tús a chur leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil an athuair agus mheas siad go bhféadfaí cistí atá ann cheana a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta an chórais trádála astaíochtaí atá beartaithe d'earnáil na bhfoirgneamh agus d'earnáil an iompair de bhóthar. Sa chomhthéacs sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil forluí ann idir raon feidhme an Chiste agus ionstraimí eile, go háirithe ionstraimí an bheartais comhtháthaithe agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chomh maith le bearta náisiúnta.

---

<sup>8</sup> D'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) a sainordú an 8 Meán Fómhair 2021 (11402/2021 + COR1). Faoi údarás Choiste na mBuanionadaithe, tuairiscíonn AHWP SCF d'fhoirmíocht na Comhairle Comhshaoil agus, de réir mar is iomchuí, d'fhoirmíocht na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais.

Maidir leis na bunúis dlí atá beartaithe i.e. Airteagal 91(1)(d) CFAE (iompar) agus Airteagal 192(1) CFAE (comhshaol) agus Airteagal 194(1)(c) CFAE (fuinneamh), cheistigh roinnt toscaireachtaí a iomchuí atá siad agus arbh fhéidir foráil a dhéanamh do thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach faoi na bunúis dlí atá beartaithe. Chuir Seirbhís Dlí na Comhairle réamhanailís ar fáil le linn ceann de chruinnithe na Meithle *Ad Hoc* um an gCiste Aeráide Sóisialta.

Cheistigh roinnt toscaireachtaí bainistiú díreach an Chiste Aeráide Shóisialta freisin agus chuir siad in iúl gurbh fhearr leo go mbeadh an bhainistíocht comhroinnte. De bhreis air sin, cheistigh roinnt toscaireachtaí an réasúnaíocht is bonn le húsáid, mar uirlis éigeantach, córais chomhtháite agus chomh-inoibritheach faisnéise agus faireacháin lena n-áirítear uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca.

Maidir le hábhar na bPleananna Aeráide Sóisialta, cheistigh na toscaireachtaí an forluí a d'fhéadfadh a bheith ann le straitéisí eile a leagfaidh na Ballstáit amach, amhail na Pleananna Críochacha um Aistriú Cóir. Thairis sin, chuir roinnt toscaireachtaí i gcoinne na dtáscairí maidir le tuairisciú ar an dul chun cinn agus chun críche faireachán agus meastóireacht a dhéanamh a bheith leagtha amach le gníomh tarmligthe, b'fhearr leis na toscaireachtaí sin go mbeadh na táscairí mar chuid den téacs rialála i gcomhréir leis an gcur chuige maidir leis an mbeartas comhtháthaithe.

Maidir le hincháilitheacht na ngníomhaíochtaí, theastaigh anailís níos mionsonraithe maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú ó na toscaireachtaí, agus leis an dáileadh idir bearta agus infheistíochtaí agus tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach faoin gCiste. Ina theannta sin, theastaigh soiléirithe ó na toscaireachtaí maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus bhí siad ag tnúth le treoir theicniúil a fháil ón gCoimisiún maidir leis an tsaincheist sin.

Maidir le méid an Chiste Aeráide Shóisialta, foráiltear EUR 72.2 billiún sa togra ar an iomlán don tréimhse ó 2025 go 2032. Comhfhreagraíonn an méid sin i bprionsabal do 25 % den ioncam a bhfuiltear ag súil leis ón gcóras trádála astaíochtaí atá beartaithe d'earnáil na bhfoirgneamh agus d'earnáil an iompair de bhóthar. Chuir tromlach na dtoscaireachtaí ceist faoi chalabhrú an Choimisiúin agus d'iarr siad go dtabharfaí mínithe breise maidir leis an méid iomlán atá beartaithe don Chiste agus cheistigh roinnt toscaireachtaí méid an Chiste.

Chuir na toscaireachtaí a n-ímní in iúl maidir le forálacha i ndáil le cómhaoiniú (e.g. Ba cheart do na Ballstáit 50 % de chostais iomlána na bPleananna Aeráide Sóisialta a mhaoiniú trí chuid den ioncam a bhfuil siad ag súil leis ó cheantáil lamháltas faoin gcóras nua). I ndáil leis an méid sin, d'iarr roinnt toscaireachtaí go dtabharfaí mínithe breise maidir le ráta náisiúnta cómhaoinithe de 50 % amháin is infheidhme maidir le gach Ballstát agus mheas roinnt acu go raibh sé ró-ard.

Maidir leis an modheolaíocht leithdháilte atá beartaithe chun an Ciste a dháileadh, d'ardaigh na toscaireachtaí roinnt ceisteanna agus chuir siad a n-ábhar ímní in iúl maidir leis an bhfoirmle a úsáideadh, a measadh a bheith róchasta, agus leis na critéir leithdháilte nár mheas roinnt toscaireachtaí a bheith iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar a gcúinsí sonracha náisiúnta agus chun cothroime a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, ceistíodh rogha na dtáscairí freisin.

A mhéid a bhaineann le ré an Chiste Aeráide Shóisialta, measann roinnt toscaireachtaí go bhfuil an fíoras go gcumhdaítear dhá thréimhse CAI íogair ó thaobh na polaitíochta de agus go mbeidh gá le tuilleadh anailíse. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go gcuirtear bac ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo de bharr ré 8 mbliana, ag tosú in 2025. Sa togra reatha, bunaítear an Ciste gan aon teorainn ama. Tá buiséad an Chiste miondealaithe faoi láthair ina dhá chuid: 1) imchlúdach airgeadais don tréimhse ó 2025 go 2027 agus 2) imchlúdach airgeadais don tréimhse ó 2028 go 2032. Don tréimhse ó 2025 go 2027, tá an Coimisiún chun leasú ar Rialachán CAI reatha a mholadh, a bheidh le comhaontú ag an am céanna leis an mbunghníomh lena mbunófar an Ciste Aeráide Sóisialta agus leis an leasú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse. Don tréimhse ó 2028 go 2032, tá sé beartaithe nach gcuirfí an méid sin ar fáil ach amháin má thagtar ar chomhaontú sa chéad Rialachán CAI eile maidir le méid áirithe den bhuiséad a leithdháileadh ar an gCiste Aeráide Sóisialta.

I gcomhréir le sainordú na Meithle Ad Hoc um an gCiste Aeráide Sóisialta, chuir an Uachtaránacht lúibíní ar na forálacha ábhartha sa togra agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis, maidir leis na gnéithe airgeadais, atá nasctha leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus Acmhainní Dílse an Aontais, lena n-áirítear *inter alia* méid agus ré an Chiste agus an mhodheolaíocht leithdháilte. Is iad na forálacha idir lúibíní na cinn is dóichí a bheidh ina gcuid den chaibidlíocht chothrománach bhuiséadach.

### III. CONCLÚID

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn agus na ceisteanna don díospóireacht bheartais mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann léi a thabhairt dá aire agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Comhshaol) ag féachaint don chruinniú a bheidh aici an 20 Nollaig 2021.

---

**Ceisteanna do na hairí don díospóireacht bheartais a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol)**

1. *Bunaithe ar an measúnú polaitiúil a rinne tú ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis na cúig chomhad faoi shainchúram na Comhairle Comhshaoil, cén leibhéal uailmhéine a d'fhéadfadh a bheith ann chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na cúig thionscnamh a bhaineann leis an aeráid sna mionna atá le teacht, agus na hidirnaisc éagsúla idir na tograí á gcur san áireamh, lena n-áirítear le tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'?*
  2. *Sa chomhthéacs sin, cad iad na saincheisteanna is íogaire sna cúig chomhad sin i do thuairim?*
-